Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2023

Irish

Assessment Unit AS 2
(Section A)

assessing

Listening

[SIR21]

WEDNESDAY 24 MAY, MORNING

TRANSCRIPT

GCE Recording Instructions

Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2023
Irish New Specification, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

1 Dúirt Caoimhe Ní Chathail, craoltóir agus ceoltóir, nár aithin sí go raibh bua an cheoil aici go dtí go raibh sí ina déagóir. D'fhás sí aníos i dteaghlach a raibh neart ceoil ann. B'amhránaí í a seanmháthair agus bhí bua an cheoil ag a seanathair fosta. Mar sin de, ó bhí sí an-óg bhíodh i gcónaí ceol agus siamsaíocht sa teach aici. Bhíodh daoine i gcónaí ag amhránaíocht, ag seinm ar uirlisí ceoil agus i mbun scéalta agus filíochta ina teach. Is amhránaí clúiteach anois í Caoimhe a bhfuil dúil aici i ngach sórt ceoil. Ceolann Caoimhe amhráin thraidisiúnta ar a bealach féin. Deir sí go n-imríonn snagcheol tionchar ar chuid de na hamhráin s'aici. Nuair a bhí sí ina ball de bhanna ceoil, d'aistrigh sí amhráin ón Fhraincis go Gaeilge agus chuir sí snagcheol leo. Admhaíonn Caoimhe féin nach ise an t-amhránaí is binne ar domhan ach go ndéanann sí iarracht anam a chur isteach in achan rud a dhéanann sí. Is craoltóir í Caoimhe fosta ar *Blas Ceoil*.

Tugann sí ardán do cheoltóirí eile a gcuid ceoil a roinnt ar an raidió. Deir Caoimhe gur chuir an phaindéim isteach go mór ar a cuid oibre agus gur chronaigh sí an teagmháil phearsanta le ceoltóirí le linn na paindéime. Is léir go bhfuil an ceol agus an chuideachta an-tábhachtach do Chaoimhe. Léirigh an phaindéim cé chomh tábhachtach agus atá na healaíona don tsláinte mheabhrach, dar léi.

Foinse: Arna chóiriú as 'Coinnímis ag ceol le Chéile: Caoimhe Ní Chathal' by Pádraíg Mac Oitir, 09 Nollaig 2020. © Meon Eile

2 Foilsíodh tuairisc i mí Dheireadh Fómhair anuraidh a thug léargas maith do mhuintir na hÉireann ar na dúshláin a bhíonn roimh thuismitheoirí sa lá atá inniu ann.

Rinneadh staidéar ar nósanna agus ar iompar dhá mhíle déagóirí san iomlán. De réir urlabhraí ón Roinn Sláinte, is iad na déagóirí is tábhachtaí ó thaobh stíl mhaireachtála de mar is gairid go mbeidh siadsan ina ndaoine fásta san ionad oibre.

Fuarthas amach ón taighde go raibh fadhbanna sláinte ag an tríú cuid de dhéagóirí ó theaghlaigh atá ar ioncam íseal. As measc déagóirí a raibh céim ollscoile ag a dtuismitheoirí, dúirt tríocha a ceathair faoin chéad acu go raibh siad iontach sásta leis an scoil.

Ó thaobh meáchain de, fuair na taighdeoirí amach go raibh cuid mhór de na déagóirí róthrom agus go raibh sé faoin chéad acu murtallach. Bhí fadhb an mhurtaill níos measa i measc na gcailíní ná i measc na mbuachaillí. Ba léir fosta go raibh fadhb an alcóil ina dúshlán ag tuismitheoirí agus iad ag iarraidh a gcuid páistí a thógáil. Dúirt na tuismitheoirí go raibh imní agus brón orthu go raibh suas le hocht déag faoin chéad de na déagóirí sásta a admháil gur bhain siad triail as deoch mheisciúil agus gan iad ach trí bliana déag d'aois.

Dúirt urlabhraí ón Roinn Sláinte go raibh sé buartha nach dtuigeann daoine óga na fadhbanna a bhaineann le tosú ar an ól agus iad ina ndéagóirí – fadhbanna sláinte, fadhbanna meabhairshláinte, fadhbanna airgid – gan trácht ar na fadhbanna caidrimh agus fadhbanna pearsanta.

Foinse: Examiner

This is the end of the recording.